



## Preasráiteas ComReg 7 Mí na Nollaig

# Phríomhthuarisc Ráithiúil Sonraí ar an Margadh Cumarsáide Leictreonáí (R3 2023)

Inniu, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a Phríomhthuarisc Ráithiúil Sonraí ar an margadh Cumarsáide Leictreonach don tréimhse (1 Iúil go dtí 30 Meán Fómhair), R3 2023.

Mhéadaigh línte síntiúsóirí leathanbhanda go 1.64 milliún, méadú 1.6% an ráithe seo agus méadú 2.8% é sin i gcomparáid le R3 2022. Ina measc seo, bhí beagnach 620,000 ina gcábalaí snáthoptaice díreach chuig an áras (FTTP) agus b'ionann sin agus 37.6% de na línte síntiúsóirí leathanbhanda seasta iomlána i Ráithe 3 2023, méadú ó 28.9% in R3 2022. Is é FTTP an teicneolaíocht leathanbhanda is coitianta a cheannaítear in Éirinn.

Ar bhonn míosúil, d'úsáid meánlíne síntiúsóirí leathanbhanda cónaithe sheasta 403.9 GB de shonraí, méadú 9.7% ó R3 2022.

I R3 2023, bhí leathanbhanda ceannaithe ag beagnach 40% de línte síntiúsóirí leathanbhanda le luasanna le 500Mbps nó níos airde ná sin agus ceannaíonn 10.2% luasanna leathanbhanda de 1Gbps nó níos tapúla. As na línte síntiúsóirí 619,968 FTTP, ag beagnach 80% acu tá luasanna leathanbhanda de 500 Mbps nó níos airde.

Tháinig laghdú 3.7% ar fhaid iomlán na nglaoch gutháin an ráithe seo, agus iad 25% níos ísle ná i R3 2022. Is ionann na glaochanna gutháin agus tromlach na nglaochanna (89%), agus is ionann glaochanna tréimhse ama socraithe agus an 11% eile.

Ar bhonn míosúil, d'úsáid gnáthshínitheoir gutha gutháin 138 nóiméad (laghdú bliantúil 4.8%), sheol sé 30 téacs (laghdú bliantúil 20.1%) agus d'úsáid sé 13.9GB sonraí (méadú bliantúil 5.9%).

Mhéadaigh líon iomlán lucht na síntiús gutháin (lena n-áirítear leathanbhanda an ghutháin póca agus meaisín go meaisín (M2M)) go 9.5 milliún i R3 2023 – de bharr méadú ar shíntiús iar-cheannaithe arb ionann é anois agus 74% de na síntiús ghutháin go léir. Méadaigh síntiúsóirí 5G go 1.4 milliún i R3 2023, méadú 70% ó R3 2022.

Mhéadaigh síntiús M2M go 3.4 milliún, méadú bliantúil de 28% agus b'ionann é sin agus 36% de na síntiús ghutháin go léir i R3 2023.

Tá an Phríomhthuarisc Ráithiúil Sonraí do R3 2023 ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications). Tá an tairseach sonraí ina bhfuil an tacar iomlán sonraí agus na cairteacha gaolmhara ar fáil ar <https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/>

**CRÍOCH**

**Eisithe ag**

**Tom Butler Bainisteoir  
Gnóthaí Poiblí, ComReg**

**Teil: 01 8049639**

**Fón Póca: 087 2536358**

**[tom.butler@comreg.ie](mailto:tom.butler@comreg.ie)**